



Cód Iompair sa Chlub

Bealtaine 2022

**Treoiríníte do Cheannairí, do Choistí, do Bhaill
agus do Thuismitheoirí**

Cód Iompair sa Chlub

Cuspóirí agus Réimse

Ba chóir go dtarlódh obair óige i dtimpeallacht atá fáilteach, tacúil, cuimsitheach agus sábháilte. Tá sé riachtanach mar sin go gcuirtear páistí agus daoine óga sa chlub ar an eolas maidir leis na teorainneacha ó thaobh a n-iompar agus iad ag tógáil páirte i gclub nó imeacht de chuid Ógras. Mar an gcéanna tá sé ríthábhachtach go bhfuil meas agus cúirtéis léirithe do na ceannairí, mar atá toillte acu sa ról mar cheannaire an chlub.

Tá an Cód Iompair seo ann mar threoir do cheannairí agus iad ag leagadh síos rialacha agus cód iompair/smachta ina gclub féin.

Moltar cód don chlub a fhorbairt i dteannta na mball agus na gceannairí óga chun a chinntiú go bhfuil ionchur ag na baill ar fad sa phróiseas. Cinnteoidh sé seo go dtacaíonn na baill le cur i bhfeidhm an chóid agus go dtógann siad freagracht as spriocanna an chóid a bhaint amach.

Rialacha/Treoracha an Chlub agus Imeachtaí Ógras

Chun a chinntiú go mbaineann gach duine óg leas as an chlub agus go mothaíonn gach duine sábháilte agus iad ag tógáil páirte in imeachtaí an chlub, déantar na rudaí seo a leanas:

- Gaeilge a labhairt i gcónaí ag imeachtaí an chlub
- Tóg páirt ghníomhach agus bíodh ionchur agat in imeachtaí an chlub chomh fada agus gur féidir leat
- Bí cineálta agus taispeáin meas i gcónaí do na daoine eile sa chlub beag beann ar a gcúlra cultúrtha, ábaltacht, inscne nó a mbunús eitneach.
- Meas a bheith agat ar mhaoín an chlub agus ar mhaoín na mball eile chomh maith le haire a thabhairt do do mhaoín féin
- Gan páirt a thógáil i dtromaíocht d'aon chineál ag am ar bith
- Cuir ceannaire ar an eolas má thugann tú faoi deara go bhfuil tromaíocht ar siúl ag baill eile
- Bí béasach, cothrom, macánta agus léirigh meas i gcónaí nuair atá tú ag plé le baill eile agus leis na ceannairí. Bí aireach do mhothúcháin daoine eile i do ghníomhaíochtaí agus nuair atá tú ag labhairt.
- Tuairiscigh aon iompar a dhéanann míchompordach tú, leis an cheannaire nó don duine ainmnithe
- Lean rialacha Ógras agus treoracha an cheannaire i gcónaí
- Fan sa seomra / halla ina bhfuil an club ar siúl agus ná téigh chuig aon áit eile gan cead nó i d'aonar
- Ná tóg grianghraif agus ná déan taifead d'aon duine sa chlub gan cead ó na ceannairí agus é a bheith faoi stiúir an cheannaire (féach ar ár bPolasaí Idirlíne & ár bPolasaí Frithbhulaíochta)

- Tá cosc iomlán ar gníomhaíochtaí gnéasach le linn imeachtaí Ógrasⁱ
- Ba chóir go mbeadh daoine óga curtha ar an eolas maidir leis na rioscanna agus rialacha a bhaineann le húsáid teicneolaíocht agus na meán shóisialta (féach ar ár bPolasáí Idirlíne)
- Iompar a chuirfeadh aon duine eile atá sa chlub in aon bhaol a sheachaint
- Baisteachán, drochtheanga, agus ráitis díspreagúla a sheachaint
- Aird na ngasúr a dhíriú ar bhruscar agus glaineacht na háite. Ba chóir cúig nóiméad a thógáil ag deireadh na hoíche le glanadh suas.
- Níl cead fón póca a úsáid le linn imeachtaí an chlub gan cead ón cheannaire
- Níl cead ithe nó ól sa chlub muna bhfuil céad faighte roimh ré ó húinéirí an halla/an tsuímh.
- Tá cosc iomlán ar alcóil, tobac agus aon substaintí mídhleathacha le linn imeachtaí Ógras

Rialacha na heagraíochta maidir le turais thar oíche

- Bain sult as an turas agus an comhlúadar thar an deireadh seachtaine/thar oíche
- Labhair Gaeilge i gcónaí
- **Tá cosc ar dhul isteach aon seomra codladh eile ach amháin an ceann a tugadh ar an chéad oíche. Más mian nó más gá duit bogadh is gá cead a lorg ón fhoireann/ceannairí roimh ré.**
- Níl cead bia nó deoch a thógáil go dtí na seomraí leapa seachas buidéal uisce
- Caithefear an seomra a ghlanadh agus na héadaí leapa a bhaint den leaba sula n-imíonn tú
- Ní mór a bheith aireach faoi dhaoine eile ag fanacht mórthimpeall ort. Caithefear a bheith ciúin sna seomraí leapa agus gan cur isteach ar aon duine.
- Caithefear a bheith ciúin sna seomraí codlata tar éis am ‘solas múchta’
- Ná fág tuáillí nó earraí níocháin (toiletries) i do dhiaidh sa chith nó sa seomra folctha
- Bíodh meas agat ar an bhrú, ort féin agus ar na daoine atá ag roinnt an bhrú leat
- Coimeád d’eochar chárta (key card) sábháilte má tá ceann agat. Beidh costas le híoc leis an bhrú má chaileann tú eochar chárta.
- Bailítear na fón póca ag am luí gach oíche agus is féidir iad a fháil ar ais ar maidin ag am bhricfeasta

Rialacha na heagraíochta maidir le Turas Lae

- Labhair Gaeilge i gcónaí
- Is gá do bhaill agus do cheannairí crios sábhála a chaitheamh le linn an turais bus
- Níl cead ithe nó ól ar an bhus ach amháin uisce
- Na déan aon rud le cur as don tiománaí nó d’éinne eile ar an bhus

- Bíodh meas agat ar an ionad, ort féin agus ar na daoine eile atá ar an turas leat
- Lean treoir na gceannairí
- Ná fág aon bhruscar ar an bhus nó ag an ionad
- Ná bain le haon rud nach mbaineann leat
- Ná himigh ón ghrúpa gan cead ón cheannaire

Moltar don chlub liosta smachtbhannaí a aontú i gcás go sáraítear an cód
Thíos tá liosta féideartha de bhealaí chun déileáil le sáraithe:

- Leithscéal a ghabháil
- Cailleadh amach ar phribhléid nó ar phribhléidí
- Tuismitheoirí curtha ar an eolas
- An duine óg a dhíbirt ón imeacht/club ar feadh seal ama nó go síoraí

Nuair a tharlaíonn eachtra, déantar cinneadh ar an iarmhairt ag brath ar cé chomh tromchúiseach is atá sé.

1. Samplaí d'iompar mí-oiriúnach:

- Gan a bheith ag leanúint treoracha
- Iompar suaiteach
- Labhairt Béarla sa chlub
- Drochmheas a léiriú/bheith drochbhéasach
- Ais fhreagairt

Mar threoir do chlubanna i gcás iompair mí-oiriúnach sa chlub:

- An chéad uair go dtarlaíonn eachtra faigheann siad rabhadh ó bhéal agus beidh orthu leithscéal a ghabháil leis na ceannairí/baill lena mbaineann sé
- Má tharlaíonn sé don dara huair rachaidh a n-ainm sa leabhar eachtraí/timpistí agus beidh ar an pháiste suí amach as an ócáid/as an gcluiche
- Tar éis na rialacha a bhriseadh trí huair – teagmháil le tuismitheoirí.
- Tar éis na rialacha a bhriseadh ceithre huair – díbirt ón gClub.

I gcásanna tromchúiseacha is féidir gasúir a dhíbirt láithreach ón gClub, ach ní mór glaoch a chur ar an tuismitheoir láithreach agus b'fhéidir go mbeadh gá teagmháil a dhéanamh leis an Teagmhaithe Ainmnithe (DLP).

2. Samplaí d'iompar thromchúiseach nuair is féidir/ gá don cheannaire na smachtbhannaí is géara a úsáid:

- Troid nó foréigean
- Bulaíocht
- Drochmheas a thaispeáint d'éinne bunaithe ar inscne, cúlra, cultúr, ábaltacht nó a mbunús eitneach.

- Drochmheas a léiriú don cheannaire
- Damáiste d'aon ghnó de mhaoin nó trealamh an chlub / an halla / na scoile
- Ag ól alcóil
- Ag caitheamh tobac
- Míúsáid substainte

Treoir maidir le deileáil le mí-iompar ar turas thar oíche

- Labhróidh ball d'fhoireann Ógras leis an bhall agus míneoidh siad na rialacha don bhall/na baill arís
- Mar leanann an droch iompar ar aghaidh cuirfear glooch ar na tuismitheoirí agus iarrtar orthu labhairt leis an pháiste agus iarraidh orthu feabhas a chur ar a gcuid iompar
- Muna dtagann réiteach ar an fhadhb beidh ar na tuismitheoirí an ball a thógáil abhaile
- I gcás eachtra tromchúiseach cuirfear glooch ar na tuistí láithreach agus caithfidh siad socrú a dhéanamh an páiste a bhailiú láithreach

***Moltar an córas thíos a úsáid nuair atá ceannairí ag plé le heachtraí sa chlub
Déanfar athmhuintearas idir na daoine óga/baill, más féidir, ag baint úsáide as na ceisteanna thíos.***

- Cad a tharla?
- Cad a dhéanfaí difriúil an chéad uair eile?
- Cad atá chun tarlú anois? (An bhfuil an ball le dul ar fionraí / an bhfuil siad le díbirt ón chlub / imeachtaí ...)
- An bhfuil aon rud eile le plé/le rá?

Agus an club ag fanacht le Cód a fhorbairt iad féin moltar iarraidh ar na baill ar fad agus a gcuid tuismitheoirí an doiciméad seo a shíniú le taispeáint go dtuigeann siad an méid atá ann agus go n-aontaíonn siad leis.

Síniú:.....
(Tuismitheoir/Caomhnóir, Parent/Guardian)

Síniú:.....
(Síniú an Bhaill, *Member's signature*)

Dáta:.....

ⁱ Is féidir le ceannairí an pointe seo a bhaint as an Chód agus iad ag obair le clubanna Óg-Ógras